**2018. M27T**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2018

# Matamaitic

## Páipéar 1

## Gnáthleibhéal

## Dé hAoine, 8 Meitheamh – Tráthnóna, 2:00 go dtí 4:30

300 marc

| Scrúduimhir |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

| Don scrúdaitheoir | |
|---|---|
| Ceist | Marc |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| Iomlán | |
| Bónas | |
| Móriomlán | |

| Iomlán reatha | |
|---|---|

| Grád |
|---|
| |

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | Coincheapa agus Scileanna | 150 marc | 6 cheist |
| Roinn B | Comhthéacsanna agus Feidhmeanna | 150 marc | 3 cheist |

Freagair na naoi gceist go léir.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanfaidh tú é sin. Is féidir páipéar breise a iarraidh ar an bhfeitheoir. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura bhfuil obair thacaíochta san áireamh i do réitigh.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtaispeánann tú na haonaid tomhais chuí sna freagraí, de réir mar a oireann.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na freagraí san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.

Scríobh déanamh agus múnla d'áireamhá(i)n anseo:

## Roinn A — Coincheapa agus Scileanna — 150 marc

Freagair **na sé cheist go léir** as an roinn seo.

**Ceist 1** **(25 marc)**

Nuair a fostaíodh Seán i gcuideachta díolacháin, tugadh rogha dhá chonradh tuarastail éagsúla dó. Tá sonraí na gconarthaí leagtha amach sa tábla thíos.

| | Tuarastal | Coimisiún ag deireadh na bliana ar iomlán na ndíolachán |
|---|---|---|
| Conradh A | €35 000 | 2% |
| Conradh B | €30 000 | 3% |

**(a)** Faigh amach cé mhéad a thuillfeadh Seán faoi **gach** ceann den dá chonradh i mbliain ina mbeadh luach €400 000 de dhíolacháin aige.

Conradh A

Conradh B


**(b)** Thuill Máire, fostaí eile, €50 000 i mbliain ar leith. Tá sí ar Chonradh A. Faigh luach iomlán na ndíolachán a bhí aici an bhliain sin.

**(c)** Faigh luach iomlán na ndíolachán a d'fhágfadh go dtuillfeadh díoltóir an méid céanna airgid faoin dá chonradh.

**Ceist 2** **(25 marc)**

$z_1 = -2 + 3i$ agus $z_2 = -3 - 2i$, áit a bhfuil $i^2 = -1$.
$z_3 = z_1 - z_2$.

**(a)** Breac $z_1, z_2$, agus $z_3$ ar an léaráid Argand.
Lipéadaigh gach pointe go soiléir.




**(b)** Fiosraigh an bhfuil $|z_3| = |z_1| + |z_2|$.

Conclúid:

**(c)** $z_4 = \dfrac{z_1}{z_2}$. Scríobh $z_4$ san fhoirm $x + yi$, áit a bhfuil $x, y \in \mathbb{R}$.

**Ceist 3** **(25 marc)**

**(a)** Réitigh an chothromóid $2x^2 - 7x - 3 = 0$.
Bíodh an dá fhreagra ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.

**(b)** Réitigh na cothromóidí comhuaineacha thíos chun luach $a$ agus luach $b$ a fháil.


$$2a + 3b = 15$$
$$5a + b = -8$$



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 4** **(25 marc)**

Taispeántar na chéad trí chéim i patrúin de thíleanna liatha agus bána sa léaráid thíos.



Céim 1 Céim 2 Céim 3 Céim 4

**(a)** Tarraing an chéad chéim eile de na tíleanna (Céim 4) ar an léaráid thuas.

**(b)** Bunaithe ar an bpatrún a thaispeántar, comhlánaigh an tábla thíos.


| **Céim ($n$)** | **Líon na dTíleanna Liatha** | **Líon na dTíleanna Bána** | **An Líon Iomlán** |
|---|---|---|---|
| 1 | 4 | | 6 |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| 4 | | | |
| 5 | | | |

**(c)** Ag glacadh leis go leanann an patrún ar aghaidh, tugann an fhoirmle $T_n = n^2 + bn + c$ an líon iomlán tíleanna $(T_n)$ i gcéim $n$, áit a bhfuil $b$ agus $c \in \mathbb{N}$.
Faigh luach $b$ agus luach $c$.

**(d)** Faigh uimhir na céime ina bhfuil 443 tíl san iomlán.

**Ceist 5** **(25 marc)**

Taispeánann an léaráid ar dheis an graf d'fheidhm chearnach, $f$.




**(a)** Scríobh síos comhordanáidí $A$, $B$, agus $C$.

$A = ( \quad , \quad )$

$B = ( \quad , \quad )$

$C = ( \quad , \quad )$

**(b)** Taispeáin gur féidir an fheidhm a scríobh mar $f(x) = -x^2 + x + 6$.

**(c)** Taispeáin, agus tú ag baint úsáide as an g**calcalas**, gurb é $(0{\cdot}5,\ 6{\cdot}25)$ uasphointe $f(x)$.

**Ceist 6** **(25 marc)**

**(a)** Réitigh le haghaidh $x$.

$$(x+5)(3x-4)-3(x^2+2)+4=0$$

**(b)** Faigh na réitigh ar

$$\frac{5}{x+3}-\frac{1}{x}=\frac{1}{2}, \text{ áit a bhfuil } x \neq -3, 0,\ x \in \mathbb{R}.$$



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

## Roinn B — Comhthéacsanna agus Feidhmeanna — 150 marc

Freagair **na trí cheist go léir** as an roinn seo.

**Ceist 7** **(55 marc)**

Taispeántar cuid de leagan amach na suíochán in amharclann sa léaráid thíos. Is ina sraitheanna atá na suíocháin leagtha amach. Sraith 1 is gaire don ardán agus tá 28 suíochán inti. I ngach sraith ina dhiaidh sin, tá suíochán amháin sa bhreis ar an tsraith roimpi, i.e. 29 suíochán i sraith 2, 30 suíochán i sraith 3, agus mar sin de.

**(a)** Faigh líon na suíochán i sraith 10.




**(b)** Tá 50 suíochán sa tsraith dheiridh. Cé mhéad sraith suíochán atá san amharclann?

**(c)** Faigh líon iomlán na suíochán san amharclann.

**(d)** Tá 600 duine i láthair ag seó san amharclann oíche áirithe. Glac leis go bhfuil na daoine suite sna sraitheanna is gaire don ardán, i.e. tá an chéad $n$ sraith lán agus tá roinnt daoine suite sa chéad sraith eile.
Faigh luach $n$ **agus** faigh líon na ndaoine atá suite sa chéad sraith eile.

Luach $n$ = Líon na ndaoine sa chéad sraith eile =

**(e)** I gcás seó ar leith, cosnaíonn na ticéid do dhaoine fásta €25 agus cosnaíonn na ticéid do leanaí €12. Faigh an t-ioncam iomlán ó díolachán na dticéad má díoladh 276 ticéad do dhaoine fásta agus 212 ticéad do leanaí.

**(f)** **(i)** I gcás seó eile, díoladh 752 ticéad. Is é 3 : 1 an cóimheas idir na ticéid do dhaoine fásta a díoladh agus na ticéid do leanaí a díoladh.
Faigh líon na dticéad do dhaoine fásta **agus** líon na dticéad do leanaí a díoladh don seó sin.

Líon na dticéad do dhaoine fásta =

Líon na dticéad do leanaí =

**(ii)** I gcás an tseó i bpáirt **f(i)**, chosain ticéad do dhuine fásta $2\frac{1}{2}$ oiread le ticéad do leanbh. Ioncam €17 578 a bhí ann. Faigh an praghas a bhí ar thicéad do leanbh don seó seo.

An praghas ar thicéad do leanbh =



| roimhe | lch | reatha |
| --- | --- | --- |
| | | |

**Ceist 8** **(65 marc)**

Is féidir úsáid a bhain as an bhfeidhm a leanas le meastachán a dhéanamh, ina aonaid oiriúnacha, ar an méid de dhruga leighis áirithe atá i sruth na fola $t$ uair an chloig tar éis é a ghlacadh:


$$C(t) = -t^3 + 4{\cdot}5t^2 + 54t, \text{ áit a bhfuil } 0 \le t \le 9, \ t \in \mathbb{R}.$$

**(a)** Bain úsáid as an bhfeidhm le haghaidh an mhéid de dhruga, $C(t)$, chun a thaispeáint gur 224 aonad den druga atá i sruth na fola 4 huaire an chloig tar éis an druga a ghlacadh.

**(b)** Bain úsáid as an bhfeidhm $C(t)$ chun an tábla thíos a chomhlánú.

| $t$ (Uaireanta) | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $C(t)$ (Aonaid) | 0 | 57·5 | | | 224 | | | | | |

**(c)** Tarraing graf na feidhme $C(t)$ le haghaidh $0 \leq t \leq 9$, áit a bhfuil $t \in \mathbb{R}$.




**(d)** Bain úsáid as do ghraf chun meastachán a dhéanamh ar an dá luach thíos.
Sa da chas, taispeáin do chuid oibre ar an ngraf thuas.

**(i)** An méid den druga i sruth na fola tar éis $3\frac{1}{2}$ uair.

**(ii)** Cé mhéad ama tar éis an druga a ghlacadh a bheidh 100 aonad den druga i sruth na fola?

*Tá an cheist ar leanúint ar an gcéad leathanach eile*



| roimhe | lch | reatha |
| --- | --- | --- |
| | | |

**(e)** **(i)** Úsáid an fheidhm le haghaidh an mhéid de dhruga, $C(t) = -t^3 + 4{\cdot}5t^2 + 54t$ , chun a fháil amach, i dtéarmaí $t$, cén ráta ar a bhfuil an méid den druga ag athrú tar éis $t$ uair.

**(ii)** Bain úsáid as do fhreagra ar pháirt **e(i)** chun a fháil amach cén ráta ar a bhfuil an méid den druga ag athrú tar éis 4 huaire an chloig.

**(iii)** Bain úsáid as do fhreagra ar pháirt **e(i)** chun an t-uasmhéid den druga sa chóras fola sna chéad naoi n-uaire an chloig a fháil.

**(iv)** Bain úsáid as do fhreagra ar pháirt **e(i)** chun a thaispeáint go bhfuil an méid den druga sa sruth fola ag dul i laghad 7 n-uaire an chloig tar éis an druga a ghlacadh.
Mínigh do réasúnaíocht.

Taispeáin:

Míniú:

**Ceist 9** **(30 marc)**

Nuair a tharlaíonn creathanna talún faoin bhfarraige, is féidir leo a bheith ina gcúis le tonnta tuile ar a dtugtar súnámaithe. Is féidir le heolaithe meastachán a dhéanamh ar an am a shroichfidh súnámaithe tíortha in aice láimhe. Tugann an fhoirmle a leanas an meánluas ar a ngluaiseann súnámaí:

$$s = \sqrt{g \times d}$$

áit a seasann $s$ do luas an tsúnámaí (ina mhéadair sa soicind), $d$ do dhoimhneacht an aigéin (ina mhéadair) san áit ar tharla an crith talún, agus áit a bhfuil $g = 9{\cdot}8$ méadar sa soicind$^2$.

**(a)** **(i)** Faigh $s$, luas súnámaí nuair atá doimhneacht 2000 m san áit a dtarlaíonn crith talún. Bíodh do fhreagra ina mhéadair sa soicind.

**(ii)** Aithnítear gur thosaigh súnámaí 400 km ón talamh.
Tá doimhneacht 2000 m san aigéan ag an bpointe sin.
Faigh amach cé mhéad ama a thógfaidh sé ar an súnámaí an talamh a bhaint amach.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an nóiméad is gaire.

**(b)** **(i)** Atheagraigh an fhoirmle chun $d$ a thabhairt i dtéarmaí $g$ agus $s$.

**(ii)** Uaidh sin, nó ar shlí eile, faigh doimhneacht an aigéin san áit ar tharla crith talún má tá luas 55 méadar sa soicind faoin súnámaí a leanann é.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an méadar is gaire**.**



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

An Ardteistiméireacht, 2018 – Gnáthleibhéal

# Matamaitic – Páipéar 1

Dé hAoine, 8 Meitheamh
Tráthnóna, 2:00 go dtí 4:30